

Bliain a Trí

LÁMHLEABHAR AN MHÚINTEORA

An 3ú Bliain

DRÉACHT






Clár		Lch
Réamhrá		3
Ord molta		5
Roinn 1	Snáithe 3 (Uimhreas)	9
Roinn 2	Snáithe 1 (Staitistic agus Dóchúlacht)	15
Roinn 3	Snáithe 2 (Céimseata Shintéiseach 1)	24
Roinn 4	Snáithe 4 (Ailgéabar)	31
Roinn 5	Snáithe 5 (Feidhmeanna)	38
Roinn 6	Snáithe 4 (Coibhnis gan Foirmli)	40
Roinn 7	Snáithe 2 (Céimseata Shintéiseach 2)	41
Roinn 8	Snáithe 2 (Céimseata Chomhordanáideach)	44
Roinn 9	Snáithe 2 (Triantánacht)	47
Aguisín A	Céimseata: Na leibhéil Dhifriúla Smaoinimh	52
	Teoiric Van Hiele	
Aguisín B	Treoir: Teoirimí, Aicsímí & Tógálacha do gach Leibhéal	55
Aguisín C	CensusAtSchool a Úsáid	60

Réamhrá

Daltaí ag Foghlaim

Cé gur do mhúinteoirí an Lámhleabhar seo, mar sin féin is ar Fhoghlaim an Dalta agus ar na próisis atá i gceist sa smaointeoireacht mhatamaiticiúil agus i gcothú na tuisceana a dhíríonn sé go príomha.

Baintear oiread leas agus is féidir as an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, chun tacú le Foghlaim na nDaltaí. Aon áit sa doiciméad seo a bhfuil an tsiombail  le feiceáil, sin leid faoi mhodúl TF idirghníomhach ar CD an Dalta a dhíríonn ar an ngné sin.

Daltaí a bhfuil míchumas Foghlama ginearálta éadrom orthu

Meabhraítear do mhúinteoirí daltaí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta éadrom orthu go bhfuil Treoirínte CNCM sa mhatamaitic le fáil ag http://www.ncca.ie/uploadedfiles/PP_Maths.pdf

Gheofar sa doiciméad

- ❖ Cur chuige agus Modheolaíochtaí (ó Lch 4)
- ❖ Eiseamláirí (ó Lch 20).

Nóta faoin gCúrsa Tosaigh Coiteann

I lámhleabhar bhliain a haon gheofar ord molta teagaisc do dhaltá Bhliain a hAon. San áireamh ansin tá an Cúrsa Tosaigh Coiteann, íoschúrsa do dhaltá bhliain a haon, mar aon le ranna eile de shiollabas an Teastais Shóisearaigh a mbeadh múinteoirí ag iarraidh déileáil leo i mbliain a haon. Cuireadh “**CTC**” leis na ceachtanna sin a bhfuil ábhar iontu atá sa **Chúrsa Tosaigh Coiteann**.

Ábhar ardleibhéil

Ábhar a bhaineann leis an **ardleibhéil** amháin, tá sé i gcló **trom**.

Nóta faoi amscála na scrúduithe ar bhonn náisiúnta

Scrúdófar Snáitheanna 1 agus 2 den chéad uair i Scrúdú Matamaitice an Teastais Shóisearaigh 2013 agus i Scrúdú Matamaitice na hArdteistiméireachta 2012

Scrúdófar Snáitheanna 1, 2, 3, agus 4 den chéad uair i Scrúdú Matamaitice an Teastais Shóisearaigh 2014 agus i Scrúdú Matamaitice na hArdteistiméireachta 2013

Scrúdófar Snáitheanna 1, 2, 3, 4 agus 5 den chéad uair i Scrúdú Matamaitice an Teastais Shóisearaigh 2015 agus i Scrúdú Matamaitice na hArdteistiméireachta 2014

Nótáil: Beidh Sintéisiú agus réiteach fadhbanna, mar atá luaite thíos, le hionchorprú sna Snáitheanna uile.

Is as Snáithe 1 den siollabas don liosta scileanna thíos, ach tá liostaí eile den chineál céanna sa siollabas, i ndeireadh gach Snáithe ar leith.

Foghlaimíonn na daltaí	Beidh na daltaí in ann
1.8 Sintéisiú agus scileanna réitithe fadhbanna	<ul style="list-style-type: none"> - patrúin a chíoradh agus buillí faoi thuairim a fhoirmliú - torthaí a mhíniú - údar a thabhairt le tátail - matamaitic a chur in iúl ó bhéal agus i scríbhinn - a gcuid eolais agus scileanna a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a réiteach i gcomhthéacsanna a bhfuil taithí acu orthu agus i gcomhthéacsanna nach bhfuil taithí acu orthu - anailís a dhéanamh ar fhaisnéis a chuirtear ina láthair i bhfocail agus í a aistriú go foirm mhatamaiticiúil - samhlacha, foirmlí nó teicnící matamaiticiúla cuí a cheapadh, a roghnú agus a úsáid chun faisnéis a phróiseáil agus chun tátail ábhartha a bhaint.

An dathchódú san ord molta topaicí :

Snáithe 1 Staitistic agus Dóchúlacht	Snáithe 2 Céimseata shintéiseach, chomhordonáideach & chlaochlaithe & Triantánacht	Snáithe 3 Uimhreas	Snáithe 4 Ailgéabar	Snáithe 5 Feidhmeanna

Ord molta agus na topaicí á dteagasc

Roinn	Snáithe	Ceacht	Smaoineamh an Cheachta	Líon tréimhsí ranga molta	Iomlán Carnach
Roinn 1	3.3	3.1	Uimhríocht Fheidhmeach, ábhar AL san áireamh	5	5
	3.1 agus 3.2	3.2	Na Réaduimhreacha	2	7
	3.2	3.3	Na séana, agus rialacha na séan	6 (AL) 2 (GL)	13, 9
	3.2	3.4	Uimhreacha a scríobh san fhoirm chaighdeánach/ sa nodaireacht eolaíochta	3	16, 11
	3.4	3.5	Tomhas feidhmeach	6	22,17
	3.5	3.6	Tacair	4	26, 21
Roinn 2	1.4 & 1.5	3.7	Súil siar ar ábhar bhliain 2, agus tógáil air leis an iniúchadh staitistiúil	4	30, 25
		3.8	An Ciogal Láimhseála Sonraí: - Sonraí Catagóireacha (mar aon le súil siar ar ábhar bhliain 2)	2	32, 28
		3.9	An Ciogal Láimhseála Sonraí: - Sonraí Uimhriúla Leantacha (mar aon le súil siar ar ábhar bhliain 2)	4	36, 32
		3.10	Léirithe staitistiúla atá déanta ag daoine eile a mheas, agus tacair shonraí a chur i gcomparáid faoi na ceanteidil: cruth, lár agus spré	2	38, 34

Roinn	Snáithe	Ceacht	Smaoineamh an Cheachta	Líon tréimhsí ranga molta	Iomlán Carnach
		3.11	Súil siar ar bhunphrionsabal an chomhairimh agus ábhar bhliain a dó	2	40, 36
		3.12	Teagmhais neamhspleácha 1	4	44, 40
		3.13	Teagmhais neamhspleácha 2	2	46, 42
		3.14	A thuilleadh faoin dóchúlacht, le cártaí imeartha, rothlóirí, umair ina bhfuil nithe ar dhathanna difriúla	1	47, 43
Roinn 3	2.1	3.15	Súil siar ar ábhar bhliain 2 – Ceachtanna 2.26 -2.33	2 (AL) 4 (GL)	49, 47
	2.1 & 2.2	3.16	Súil siar ar ábhar bhliain a dó – Ceachtanna 2.34 -2.39 ar fad a dhéanamh as an nua	2 (AL) 4 (GL)	51, 51
		3.17	Cearnóg a iniúchadh	1 (AL) 2 (GL)	52, 53
		3.18	Dronuilleog a iniúchadh	1	53, 54
		3.19	Teoirim 11	1	54, 55
		3.20	Teoirim 12 (AL amháin) agus Teoirim 13	3	57, 58
Roinn 4	4.1,4.2,4.3,4.4	3.21	Patrúin: Coibhnis san Ailgéabar – súil siar agus forbairt ar ábhar bhliain a dó	5	62, 63
	4.6	3.22	Sloinn ailgéabracha a luacháil (luach sloinn	5	67, 68

Roinn	Snáithe	Ceacht	Smaoineamh an Cheachta	Líon tréimhsí ranga molta	Iomlán Carnach
			ailgéabracha a fháil), oibríochtaí le sloinn ailgéabracha: súil siar & forbairt ar ábhar bhl. 2		
	4.5	3.23	Fachtóirí ailgéabracha, agus ábhar breise AL	5	72, 73
	4.7	3.24	Codáin ailgéabracha a shuimiú – súil siar agus forbairt ar ábhar bhl. 2	2	74, 75
	4.7	3.25	Cothromóidí líneacha agus éagothromóidí líneacha – súil siar agus forbairt ar ábhar bhl. 2	5	79, 80
	4.7	3.26	Cothromóidí cearnacha a réiteach - súil siar agus forbairt ar ábhar bhl. 2	4	83, 84
	4.6	3.27	Atheagrú foirmlí	2	85
Roinn 5	5.1, 5.2	3.28	Feidhmeanna líneacha, cearnacha agus easpónantúla a léirmhíniú agus a léiriú go grafach	6	91, 90
Roinn 6	4.5	3.29	Coibhnis gan foirmlí	4	95, 94
Roinn 7	2.1	3.30	Teoirimí 14 agus 15 agus Tairiscint 9	2	97, 96
		3.31	Tógálacha 13, 14 & 15	2	99, 98
		3.32	Teoirim 19 agus Atoradh 2 agus 5(ardleibhéal amháin) agus Atorthaí 3 & 4	2	101, 100
Roinn 8	2.3	3.33	Céimseata chomhordanáideach - - súil siar agus forbairt ar	2	103, 102

Roinn	Snáithe	Ceacht	Smaoineamh an Cheachta	Líon tréimhsí ranga molta	Iomlán Carnach
			ábhar bhliain a dó		
		3.33	Cothromóid líne	4	107, 106
Roinn 9	2.4	3.34	Súil siar ar Theoirim Phíotagaráis: Teoirim 14	2	109, 108
		3.35	Léaráidí scálaithe (Plean T&F 8: Tús Eolais ar an Triantánacht)	2	111, 110
		3.36	Cóimheasa na triantánachta (T&F8 Tús Eolais ar an Triantánacht)	5	116, 115

Roinn 1 Snáithe 3

Bunsmaoineamh Cheacht 3.1

Cúig thréimhse ranga

Teideal

Uimhríocht fheidhmeach, ábhar Ardleibhéil san áireamh

Acmhainní

Plean Teagaisc agus Foghlama:

Céatdáin

Cóimheas agus comhréir


CD an Dalta 

Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Na huimhíocháir \mathbb{N} , \mathbb{Z} , \mathbb{Q} (súil siar)
- Deilíní
- Fachtóirí, iolraithe agus uimhreacha príomha (súil siar)
- Comhthéacsanna breise ina mbíonn codáin, deachúlacha, céatadáin, cóimheasa agus comhréir agus a bhaineann le:
 - Fadhbanna a réiteach, e.g. fón póca agus na taraifí éagsúla, idirbhearta le hairgeadra, siopadóireacht, CBL agus na léimh a dhéantar ar mhéadair
 - Brabús nó cailteanas, % brabúis nó cailteanais (ar an gcostphraghas), lascaine agus % lascaine, an praghas *díola* a ríomh, **ag marcáil suas (an brabús ina % den chostphraghas, corrlach (an brabús ina % den phraghas díola)**
 - **Fadhbanna ina gcaitear an costphraghas a ríomh**
 - An tÚs Iolraithe, gan dul thar trí bliana (GL), **Ús iolraithe**
 - Cáin ioncaim (an Ráta Caighdeánach amháin don Ghnáthleibhéal)
 - Glanphá (agus asbhaintí méideanna sonraithe eile)
 - Cinneadh “luach ar airgead” a dhéanamh, agus an t-áireamh ar luach ar airgead - “na sumáí a dhéanamh”

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Bunsmaoineamh Cheacht 3.2 Ardleibhéal amháin

Dhá thréimhse ranga

Teideal

Na Réaduimhreacha

Acmhainní


CD an Dalta 

Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Na huimhriúcháin $\mathbb{N}, \mathbb{Z}, \mathbb{Q}, \mathbb{R}, \mathbb{R} \setminus \mathbb{Q}$
- An nasc (an ceangal) idir an tacar \mathbb{R} agus sonraí uimhriúla leantacha i staitisticí
- Uimhreacha san fhoirm $a \pm \sqrt{b}$ a shuimiú, a dhealú agus a iolrú nuair atá $a \in \mathbb{Q}, b \in \mathbb{Q}^+$

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Bunsmaoineamh Cheacht 3.3

Dhá thréimhse ranga don Ghnáthleibhéal

Sé thréimhse ranga don Ardleibhéal

Teideal

Na Séana, agus Rialacha na Séan

Acmhainní

CD an Dalta 

Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Rialacha na Séan (nuair atá $a \in \mathbb{Z}$, $p, q \in \mathbb{N}$) ar leanúint ó bhliain a dó

$$a^p a^q = a^{p+q}$$

$$\frac{a^p}{a^q} = a^{p-q}$$

$$(a^p)^q = a^{pq}$$

Bain leas as an nodaireacht $a^{\frac{1}{2}}$, $a \in \mathbb{N}$

- Rialacha na Séan (nuair atá $a, b \in \mathbb{R}$, $p, q \in \mathbb{Q}$) don Ardleibhéal

$$a^p a^q = a^{p+q}$$

$$\frac{a^p}{a^q} = a^{p-q}$$

$$(a^p)^q = a^{pq}$$

$$a^0 = 1$$

$$a^{\frac{1}{n}} = \sqrt[n]{a}, \quad n \in \mathbb{Z}, n \neq 0, a > 0$$

$$a^{\frac{m}{n}} = \sqrt[n]{a^m}, \quad m, n \in \mathbb{Z}, n \neq 0, a > 0$$

$$a^{-p} = \frac{1}{a^p}$$

$$(ab)^p = a^p b^p$$

$$\left(\frac{a}{b}\right)^p = \frac{a^p}{b^p}$$

Suíomhanna gréasáin úsáideacha



www.projectmaths.ie

http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/

<http://www.examinations.ie/>

Bunsmaoineamh Cheacht 3.4

Trí thréimhse ranga

Teideal

Uimhreacha san fhoirm chaighdeánach/ an nodaireacht eolaíochta

Acmhainní


CD an Dalta 

Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Uimhreacha cóimheasta ≥ 1 , a shloinneadh san fhoirm $a \times 10^n$, nuair atá $1 \leq a < 10$ ceart go dtí líon áirithe ionad deachúlacha, agus nuair atá $n = 0$ nó $n \in \mathbb{N}$
- **Uimhreacha cóimheasta deimhneacha neamhnialasacha a shloinneadh san fhoirm neasach $a \times 10^n$ nuair atá $n \in \mathbb{Z}$, agus $1 \leq a < 10$**

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Bunsmaoineamh Cheacht 3.5

Sé thréimhse ranga

Teideal

Tomhas feidhmeach (Tomhais agus gnáth-chomhthéacsanna saoil)

Acmhainní

Bogearra dinimiciúil


CD an Dalta 

Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Aonaid tomhais agus ama a úsáid agus a léirmhíniú
- Léaráidí a tharraingt de réir scála agus léaráidí scálaithe a léirmhíniú
- Fadhbanna imlíne agus achair i gcás na bhfíoracha plánacha seo a leanas: diosca, triantán, dronuilleog, cearnóg, agus na fíoracha a dhéantar má chuirtear iad sin le chéile
- An coibhneas idir imlíne ciorcail, trastomhas ciorcail agus π
- Na heangaí a fhreagraíonn do sholaid dhronuilleogacha
- **Eangaí na bpriosmaí (boinn pholagónacha), eangaí na sorcóirí agus eangaí na gcón**
- Achar dromchla na solad dronuilleogach
- **Fadhbanna achair dhromchla a réiteach i gcás priosmaí a bhfuil bonn triantánach acu (dronuilleach, comhchosach, nó comhshleasach), sorcóirí, cóin**
- **Fadhbanna a réiteach a bhaineann leis an achar dromchla cuar: sorcóir, cón agus sféar**
- Toirt na solad dronuilleogach agus toirt sorcóirí
- **Fadhbanna toirte a réiteach a bhaineann le solaid dhronuilleogacha, le sorcóirí, le cóin, agus le priosmaí a bhfuil bonn triantánach acu (dronuilleach, comhchosach, comhshleasach), sféir agus cumaisc de na solaid sin**

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Bunsmaoineamh Cheacht 3.6

Ceithre thréimhse ranga

Teideal

Tacair

Acmhainní


CD an Dalta 

Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Coincheap an tacair: bailiúchán rudaí agus iad sainmhínithe go soiléir; Tacair chothroma
- Léaráidí Venn, an tacar uilíoch, an tacar nialasach (an tacar folamh), fothacar, bunuimhir thacair, siombailí a úsáidtear agus tacair á dtógáil/ nodaireacht na dtacar
- Aontas agus idirmhír mar oibrítheoiri ar dhá thacar
- Difríocht dhá thacar
- Comhlánú tacair
- An chómhalmartacht (an t-airí cómhalmartach) a iniúchadh don idirmhír agus don aontas
- Fadhbanna a réiteach a bhaineann le tacair
- **Idirmhír, aontas, difríocht na dtacar, agus comhlánú: na hoibríochtaí sin a iniúchadh nuair is trí thacar atá i gceist**
- **An chomhthiomsaitheacht (an t-airí comhthiomsaitheach) a iniúchadh i gcás idirmhír, aontas agus difríocht**
- **Dlí an dáilte: airí dáilte aontas thar idirmhír a iniúchadh, agus airí dáilte idirmhír thar aontas.**

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Roinn 2 Staitistic agus Dóchúlacht Staitisticí

Bunsmaoineamh Cheacht 3.7

Ceithre thréimhse ranga

Teideal

Staitisticí – Súil siar ar ábhar bhliain a dó, agus tógáil air leis an iniúchadh staitistiúil

Acmhainní

An Ciogal Láimhseála Sonraí (The Data Handling Cycle) (le fáil ó www.projectmaths.ie)

NCE-MSTL 2009: Cúrsa Samhraidh sa Staitistic agus Dóchúlacht

PMDT: Staitistic agus Dóchúlacht, cúrsa oíche 2010, modúil 1 -5 (féach www.projectmaths.ie)

Acmhainní CNCM do Dhaltai

Aguisín C den doiciméad seo “*CensusAtSchool* a úsáid”



CD an Dalta


Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

Na torthaí foghlama seo a leanas ó bhliain a dó:

- Staitisticí a úsáid chun faisnéis a bhailiú ó shampla den daonra ar mhaithe le ginearáluithe a dhéanamh faoin daonra iomlán
- Míthuiscintí ar staitisticí, agus mar is féidir staitisticí a mhí-úsáid
- Ceist amháin (nó níos mó) a cheapadh ar féidir a fhreagairt le sonraí
- Iniúchadh a phleanáil a bhaineann le staitisticí, agus an ciogal láimhseála sonraí a úsáid san iniúchadh :
 - Ceist amháin (nó níos mó) a chur ar féidir a fhreagairt le sonraí
 - Sonraí a bhailiú
 - Na sonraí a anailisiú
 - Na torthaí a léirmhíniú
 - An cheist a choigeartú, más gá
- Slite difriúla le sonraí a bhailiú, mar shampla, an ceistneoir *CensusAtSchool*
- **Mar a roghnaítear sampla (sampla randamach simplí)**
- **A thábhachtaí atá sé go mbeadh an sampla ionadaíoch, agus samplaí laofa a sheachaint**
- Na catagóirí difriúla sonraí:
 - Sonraí de réir catagóirí (ainmniúil, oird)
 - Sonraí uimhriúla (iad scoite nó leanúnach)
- Sonraí a choimriú i bhfoirm léaráide, scarbhileoga san áireamh
- Barrachairteacha, línebhreacthaí, agus léaráidí gais is duillí a úsáid chun sonraí a léiriú
- Na modhanna grafacha cuí a roghnú a thugann cuntas ar an sampla
- Tomhais lárluiteachta: an meán, an mód, an t-airmheán
- An raon ina thomhas den spré (den leathadh)
- **Iontaofacht na sonraí a mheas, agus iontaofacht na bhfoinsí sonraí a mheas**

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p> <p>www.CensusAtSchool.ie</p> <p>http://www.cso.ie/</p>
---	--

Bunsmaoineamh Cheacht 3.8

Dhá thréimhse ranga

Teideal

An ciogal láimhseála sonraí, súil siar ar shonraí catagóireacha agus tógáil ar ábhar bhliain a dó

Acmhainní

An Ciogal Láimhseála Sonraí (The Data Handling Cycle) (le fáil ó www.projectmaths.ie)

NCE-MSTL 2009: Cúrsa Samhraidh sa Staitistic agus Dóchúlacht

PMDT: Staitistic agus Dóchúlacht, cúrsa oíche 2010, modúil 1 -5 (féach www.projectmaths.ie)

Acmhainní CNCM do Dhaltai

Aguisín C den doiciméad seo “*CensusAtSchool* a úsáid”

CD an Dalta 


Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Ceist a chumadh a thugann sonraí catagóireacha (as ceistneoir *CensusAtSchool* b’fhéidir)
- An tslí le sonraí catagóireacha a bhailiú (as ceistneoir *CensusAtSchool* b’fhéidir)
- Barrachairteacha a úsáid mar léiriú grafach ar na sonraí catagóireacha, agus an mhinicíocht a chur ar an y-ais
- Barrachairteacha a úsáid mar léiriú grafach ar na sonraí catagóireacha agus an mhinicíocht choibhneasta (céatadáin) a chur ar an y-ais
- Línebhreacadh a úsáid mar léiriú grafach ar shonraí catagóireacha
- Píchariteacha a úsáid don chomparáid idir “páirt agus an t-iomlán”, i gcomhthéacs obair cóimheasa agus comhréire a rinneadh cheana
- Léirithe grafacha cuí a roghnú chun cur síos ar shonraí catagóireacha agus chun éifeachtacht na léirithe grafacha difriúla a luacháil
- An mód a úsáid mar thomhas lárluiteachta (mar thomhas den chlaonadh lárnach)

- Tátail a bhaint as achoimrí grafacha agus uimhriúla, **agus foshuíomhanna agus teorannuithe a aithint**
- **Mar a théann inathraitheacht na samplála i bhfeidhm ar an úsáid a dhéantar den fhaisnéis i sampla chun ráitis a dhéanamh faoin daonra**

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p> <p>www.CensusAtSchool.ie</p> <p>http://www.cso.ie/</p>
---	--

Bunsmaoineamh Cheacht 3.9

Trí thréimhse ranga

Teideal

An ciogal láimhseála sonraí nuair is sonraí uimhriúla leantacha atá i gceist:
Súil siar agus tógáil ar ábhar bhliain 2

Acmhainní

An Ciogal Láimhseála Sonraí (The Data Handling Cycle) (le fáil ó www.projectmaths.ie)

NCE-MSTL 2009: Cúrsa Samhraidh sa Staitistic agus Dóchúlacht

PMDT: Staitistic agus Dóchúlacht, cúrsa oíche 2010, modúil 1 -5 (féach www.projectmaths.ie)

Acmhainní CNCM do Dhaltaí

Aguisín C den doiciméad seo “*CensusAtSchool* a úsáid”

CD an Dalta 


Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- An tslí le ceist a chur a thugann sonraí uimhriúla leantacha (leis an gceistneoir “Census at School”, b’fhéidir)
- An tslí le sonraí uimhriúla leantacha a bhailiú (leis an gceistneoir “Census at School”, b’fhéidir)
- An tslí le línebhreacadh a úsáid, más féidir, mar léiriú grafach ar na sonraí uimhriúla leantacha neamhghrúpáilte
- An tslí le breacadh gais is duillí a úsáid mar léiriú grafach ar na sonraí uimhriúla leantacha neamhghrúpáilte
- An rud a tharlóidh má scoiltear na gais i mbreacadh gais is suillí, agus má fheileann na sonraí

- An raon mar thomhas den spré (leathadh)
- **A aithint go mbíonn asluitigh ann**
- **Breachaí gais is duillí a úsáid chun ceathairleacha a ríomh, agus chun an raon idircheathairleach a ríomh**
- **An raon a chur i gcomparáid leis an raon idircheathairleach chun an spré (an leathadh) a thomhas**
- **An tslí le breachaí gais is duillí cúl le cúl a úsáid chun sonraí a léiriú**
- An tslí le sonraí a ghrúpáil i rangeatraimh chothroma i dtábla minicíochtaí grúpáilte
- Histeagraim le rangeatraimh chothroma a dhéanamh do shonraí leantacha, agus an gaol idir iad agus na breachaí gais is duillí
- Histeagraim, agus an mhinicíocht choibhneasta (céatadán) ar an y-ais.
- An tionchar atá ag leithead na n-eatramh ar an bhfaisnéis atá á léiriú le histeagram
- An tslí le léirithe grafacha cuí a roghnú chun cur síos ar shonraí uimhriúla, agus éifeachtúlacht na léirithe grafacha éagsúla sin a mheas
- An léiriú grafach a úsáidtear chun cur síos ar an ngné thipiciúil sna sonraí, ag tagairt do choincheapa crutha agus do thomhais láruiteachta : an meán, an mód, an t-airmheán
- **An meán i gcás dáileadh minicíochta grúpáilte (AL amháin)**
- An léirmhíniú i gcomhthéacs an bhuncheist a cuireadh
- An tslí le tatal a bhaint as achoimrí grafacha agus uimhriúla, **foshuoíomhanna agus teorainnuithe a aithint**
- **Mar a théann inathraitheacht na samplála i bhfeidhm ar an úsáid a dhéantar d'fhaisnéis shamplach chun ráitis a dhéanamh faoin daonra**

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p> <p>www.CensusAtSchool.ie</p> <p>http://www.cso.ie/</p>
---	--

Bunsmaoineamh Cheacht 3.10

Dhá thréimhse ranga

Teideal

Léirithe d'iniúchtaí staitistiúla atá déanta ag daoine eile a mheas, agus léirithe grafacha cuí a úsáid chun tacair sonraí a chur i gcomparáid

Acmhainní

An Ciogal Láimhseála Sonraí (The Data Handling Cycle) (le fáil ó www.projectmaths.ie)

NCE-MSTL 2009: Cúrsa Samhraidh sa Staitistic agus Dóchúlacht

PMDT: Staitistic agus Dóchúlacht, cúrsa oíche 2010, modúil 1 -5 (féach www.projectmaths.ie)
Acmhainní CNCM do Dhaltai

Léirithe grafacha de shonraí a tógadh as foinsí meáin chumarsáide

Aguisín C den doiciméad seo “CensusAtSchool a úsáid”


CD an Dalta 

Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- A éifeachtaí is atá na léirithe éagsúla ar thorthaí iniúchadh staitistiúil atá déanta ag daoine eile
- Léirithe grafacha oiriúnacha a úsáid chun comparáid a dhéanamh idir thacair shonraí, agus an cruth, an lár agus an spré (an leathadh) á gcur san áireamh

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p> <p>www.CensusAtSchool.ie</p> <p>http://www.cso.ie/</p>
--	--

Dóchúlacht

Bunsmaoineamh Cheacht 3.11

Dhá thréimhse ranga

Teideal

Súil siar ar phunphrionsabal an chomhairimh agus ábhar bhliain a dó

Acmhainní

Pleananna Teagaisc agus Foghlama:

Plean 1: Tús Eolais ar an Dóchúlacht

Plean 2: An Dóchúlacht agus an Mhnicíocht Choibhneasta

Acmhainní CNCM do Dhaltai

CD an Dalta 


Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Na fothorthaí féideartha uile a liostú nuair a dhéantar turgnamh
- An tslí le bunphrionsabal an chomhairimh a fheidhmiú
- An t-idirdhealú idir teagmhais chinnte agus teagmhais neamhchinnte
- A bheith in ann a rá as do thaithí cé acu an cosúil go dtarlóidh/ nach dtarlóidh teagmhais (eachtraí/ nithe) áirithe
- Daltaí a bheith in ann teagmhais a chur in ord dealraitheachta, ar speictream dealraitheachta ó ‘caolsheans’ (= ‘ar éigean’ = ‘an ceann is neamhdhealraithe’ = ‘an ceann is lú is cosúil’) ag ceann amháin go dtí ‘an-seans’ (= ‘gach seans’ = ‘an ceann is dealraithe’ = ‘an ceann is mó is cosúil’) ag an gceann eile, agus a bheith in ann míniú a thabhairt ar an rogha atá molta acu i ngach cás
- Scála ó 0 go dtí 1 a úsáid chun gnáth-theagmhais (tarluithe coitianta) neamhchinnte (a bheadh ag brath ar an seans) a chur in ord, go neamhfhoirmiúil
- Dóchúlachtaí a léiriú agus a léirmhíniú mar chodáin, mar dheachúlacha agus mar chéatadáin
- Dóchúlacht teagmhais a léiriú mar chodán nó mar dheachúil idir 0 agus 1, nó mar chéatadán
- Fothorthaí atá lán chomh dealraitheach lena chéile
- An tslí leis na fothorthaí féideartha uile a liostú nuair a dhéantar turgnamh praiticiúil ar nós díisle féaráilte a rolláil
- Go mbíonn na fothorthaí neamhspleách ar a chéile do gach caitheamh díisle (gach uair a chaitear díisle nó péire díslí)
- Turgnaimh a dhéanamh chun an mhnicíocht choibhneasta do gach fothoradh ar leith a ríomh, agus a nótáil mar a dhruideann an mhnicíocht choibhneasta leis an dóchúlacht fhéideartha de réir mar a dhéantar níos mó trialacha

- An prionsabal i gcás fothorthaí a bhfuil an dóchúlacht chéanna leo (fothorthaí comhchóchúla), go dtugtar an dóchúlacht le líon na bhfothorthaí a bhfuil spéise agat iontu roinnte ar líon iomlán na bhfothorthaí
- Na téarmaí: triail, fothoradh, tacar na bhfothorthaí féideartha uile, minicíocht choibhneasta, teagmhas, dóchúlacht theoriciúil, fothorthaí comhdhóchúla
- Dóchúlachtaí a mheas ó shonraí turgnamhacha

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p> <p>www.CensusAtSchool.ie</p> <p>http://www.cso.ie/</p>
---	--

Bunsmoineamh Cheacht 3.12

Ceithre thréimhse ranga

Teideal

Teagmhais neamhspleácha 1

Acmhainní

Plean Teagaisc agus Foghlama:

Plean3: Trialacha Féaráilte le Dhá Dhísle

Acmhainní CNCM do Dhaltaí

CD an Dalta




Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Na fothorthaí féideartha uile a liostú ar thábla dhá threo nuair a chaitear dhá dhísle (nó i gcás turgnaimh eile den chineál céanna)
- An tslí leis an ngaol a léiriú idir líon na bhfothorthaí agus bunphrionsabal an chomhairimh
- A bhfuil i gceist leis an bhféaráilteacht (*coincheap na féaráilteachta*) i gcluiche le dhá dhísle, agus i gcluichí cosúla
- An tslí le rialacha cluiche a cheapadh a dhéanfadh cluiche féaráilte/ cluiche mífhéaráilte de

- An tslí le tábla dóchúlachtaí a thógáil
- **An tacartheoiric a úsáid chun turgnaimh, fothorthaí, spáis shamplacha a phlé**
- An gaol idir teagmhas agus a chomhlánú
- An tslí le dóchúlacht teagmhais a oibriú amach ó thorthaí turgnaimh, agus an t-eolas sin a úsáid chun toradh an turgnaimh a thuar má dhéantar an turgnaimh arís, i gcás fothorthaí comhdhóchúla

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p> <p>www.CensusAtSchool.ie</p> <p>http://www.cso.ie/</p>
---	--

Bunsmoineamh Cheacht 3.13

Dhá thréimhse ranga

Teideal

Teagmhais neamhspleácha 2

Acmhainní

Plean Teagaisc agus Foghlama:

Plean 4:Fothorthaí ar Bhoinn a Chaitheamh in Airde

Acmhainní CNCM do Dhaltaí

CD an Dalta 


Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Na fothorthaí féideartha uile a liostú nuair a chaitear bonn in airde (nó nuair a dhéantar turgnamh eile den chineál céanna), agus dóchúlacht ceann nó cruit a oibriú amach
- Na fothorthaí féideartha uile a liostú nuair a chaitear dhá bhonn in airde (nó nuair a dhéantar turgnamh eile cosúil leis)
- Léaráid chrainn agus tábla dhá threo a úsáid chun na fothorthaí féideartha uile a liostú nuair a chaitear bonn in airde
- An ceangal a dhéanamh, agus a léiriú, idir líon na bhfothorthaí agus bunphrionsabal an chomhairimh

- Dóchúlacht teagmhais a oibriú amach ó thorthaí turgnaimh, agus an t-eolas sin a úsáid chun toradh an turgnaimh a thuar má dhéantar an turgnamh arís, i gcás fothorthaí comhdhóchúla
- A bhfuil i gceist nuair a úsáidtear an téarma ‘teagmhais neamhspleácha’.
- Léaráidí crainn agus tábla dhá threo a úsáid i gcomhthéacsanna eile
- **Modhanna dénártha/ comhairimh a úsáid chun fadhbanna a réiteach ina bhfuil teagmhais leantacha randamacha, agus gan ach dhá fhothoradh fhéideartha ar gach teagmhas ar leith**

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p> <p>www.CensusAtSchool.ie</p> <p>http://www.cso.ie/</p>
---	--

Bunsmaoineamh Cheacht 3.14

Tréimhse ranga amháin

Teideal

A thuilleadh dóchúlachta, le cártaí imeartha, rothlóirí, umair ina bhfuil nithe ar dhathanna difriúla

Acmhainní

Plean Teagaisc agus Foghlama:

Plean 5: Tús Eolais ar Chártaí Iमारtha

Acmhainní CNCM do Dhaltai

CD an Dalta 


Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Gnáthphaca cártaí imeartha, na ‘foirne’ (na ‘dathanna’: hairt, muileataí, spéireataí, triufanna), an líon cártaí i ngach foireann agus an líon iomlán cártaí sa phaca; ainmneacha na gcártaí (an tAon Spéireata, an dó Muileata, an trí Hart, an ceathair Muileata, an cúig Muileata, an sé Hart, an seacht Spéireata, an tOcht Muileata, an Naoi Triuf, an deich Triuf, an Cuireata Triuf, an Bhanríon Triuf, an Rí Spéireata, Fear na gCrúb)
- An dóchúlacht theoriciúil a ríomh gur cártaí difriúla a phiocfar as an bpaca

- An dóchúlacht le rothlóirí, nó le humair a bhfuil nithe ar dhathanna difriúla iontu (nó turgnaimh chosúla).

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p> <p>www.CensusAtSchool.ie</p> <p>http://www.cso.ie/</p>
---	--

Roinn 3 Céimseata Shintéiseach 1

Ord teagaisc féideartha do dhaltá bhliain a trí

Cé nach é an cruthú is tábhachtaí sa chur i láthair neamhfhoirmiúil, tá sé tábhachtach mar sin féin go dtuigfeadh na daltaí go bhfuil ord loighciúil leis na teoirimí.


Coincheapa:

Tacar, plána, pointe, líne, ga, uillinn, réaduimhir, fad, céim/ céimeanna. Triantán, dronuillinn, triantáin iomchuí, línte comhthreomhara, achar, mírlíne, pointí comhlíneacha, fad slí, uillinn athfhillteach, gnáthuillinn, uillinn dhíreach, uillinn nialasach, uillinn iomlán, uillinneacha comhlántacha, rinnuillinneacha urchomhaireacha, géaruillinn, maoluillinn, déroinnteoír uillinne, ingear, línte ingearacha, déroinnteoír ingearach mírlíne, triantán comhchosach, triantán comhshleasach, triantán scailéanach, triantán dronuilleach, uillinneacha seachtracha triantáin, na huillinneacha urchomhaireacha inmheánacha, uillinneacha ailtéarnacha, uillinneacha comhfhreagracha, trasnaí, ciorcal.

Seo an t-ord teagaisc a mholtar do dhaltá Bhliain a hAon. Tá ábhar an Chúrsa Tosaigh Choiteann ann, mar aon le roinnt na tógálacha triantáin agus ábhar faoi thriantáin iomchuí. **Seiceáil sa siollabas “Céimseata do Mhatamaitic Iar-Bhunscoile”**, áit a bhfuil an cúrsa comhaontaithe céimseatan do Mhatamaitic an Teastais Shóisearaigh agus do Mhatamaitic na hArdteistiméireachta araon. Tugann Snáithe 2 den doiciméad siollabais cuí na torthaí foghlama a mbítear ag súil leo ag na leibhéil siollabais dhifriúla.

Tá an “Treoir d’Aicsímí, Teoirimí agus Tógálacha do na Leibheil uile” in Aguisín A.

Baintear a oiread leas agus is féidir as an Teicneolaíocht Faisnéise chun cuidiú le coincheapa matamaiticiúla a chur i láthair na ndaltaí go héifeachtach. Aon áit sa doiciméad seo a bhfuil an

tsiombail  le feiceáil, sin léiriú go bhfuil modúl TF idirghníomhach ar CD an Dalta atá dírithe ar an ngné sin..

Moltar go láidir do mhúinteoirí freisin na smaointe faoi Ceachtsmaointe Céimseatan in Treoirlínte an Teastais Shóisearaigh do Mhúinteoirí (“Junior Certificate Guidelines for Teachers” - DES 2002, An Oifig Foilseachán Rialtais). Nó is féidir é a íoslódáil ó www.projectmaths.ie.

Faoi mar a dúradh san ceardlanna, is féidir foghlaim na céimseatan a dhéanamh i bhfad níos taitneamhaí do dhaltá sna raonta ábaltachta uile ach áiseanna ar nós **geostiallacha** (“geostrips”), **géaga uillinne** (“anglegs”), **geochláir** (“geo-boards”) etc. a úsáid mar gur féidir leis na daltaí iad a ionramháil

Ceapadh an chéad 2 cheacht i mbliain a trí le go mbeadh deis ag na daltaí dul siar ar ábhar bhliain a dó. Moltar gníomhaíochtaí nua agus dúshláin nua a thriail mar chuid den dul siar áfach, ionas nach mbraithfidh na daltaí gur dul siar amháin atá ann, agus le go bhfeicfidh siad go n-oibríonn cur chuige nua le comhthéacs atá ar aithne.

Bunsmaoineamh Cheacht 3.15

Dhá thréimhse ranga AL
Ceithre thréimhse ranga GL

Teideal

Súil siar ar ábhar bhliain a dó – Ceachtanna 2.26 -2.33

Acmhainní

Foireann uirlisí matamaitice

Junior Certificate Guidelines for Teachers (DES 2002, An Oifig Foilseachán Rialtais €3.81). Nó is féidir é a íoslódáil ó www.projectmaths.ie.




CD an Dalta

Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- **Téarmaí a úsáid ar nós: teoirim, le cruthú, cruthaigh, cruthúnas, aicsím, atoradh, dá réir sin, leanann uaidh sin**
- Aicsímí 1,2,3,5
- Tógálacha 8, 9, 5, 6, 10, 11, 12, 1, 2, 3, 4 agus (**7 don ardleibhéal**)
- Teoirimí 1 – 6
- **Cruthúnas Theoirimí 4 agus 6**
- Aicsím 4 : Triantáin iomchuí (SSS, USU, DTS)
- Uillinneacha ailtéarnacha agus uillinneacha comhfhreagracha

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Bunsmaoineamh Cheacht 3.16

Dhá thréimhse ranga AL
Ceithre thréimhse ranga GL

Teideal

Súil siar ar ábhar bhliain a dó – Ceachtanna 2.34 -2.39

Acmhainní

Foireann uirlisí matamaitice

Junior Certificate Guidelines for Teachers (DES 2002, An Oifig Foilseachán Rialtais €3.81). Nó is féidir é a íoslódáil ó www.projectmaths.ie.




Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Aistrithe, an tsiméadracht aiseach, an tsiméadracht lárnach
- Airíonna comhthreomharáin
- Cearnóg, rombas, comhthreomharán, dronuilleog
- Teoirimí 9, 10
- **Cruthúnas Theoirim 9**

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
--	---

Bunsmaoineamh Cheacht 3.17

Tréimhse ranga amháin AL

Dhá thréimhse ranga GL

Teideal

Cearnóg a iniúchadh

Acmhainní

Foireann uirlisí matamaitice

Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Airíonna cearnóige



Gníomhaíochta fiúntacha don rang

Gníomhaíochtaí faoi chearnóg a d'fheilfeadh do na daltaí

Tarraing cearnóg ABCD

Tarraing an dá thrasnán AC agus BD, iad ag trasghearradh ag E

An bhfuil an dá thrasnán ar comhfhad? (Tomhais iad)

Marcáil na sleasa cothroma uile, agus na huillinneacha cothroma sna triantáin AED agus BEC (abair cén fáth a bhfuil siad cothrom)

An bhfeiceann tú an fáth gur triantáin iomchuí iad ADE agus BEC? (Abair cén fáth.)

An bhfuil na triantáin AEB agus DEC iomchuí? (Abair cén fáth.)

An bhfuil 4 thriantán iomchuí sa chearnóg?


An bhfuil na trasnáin ingearach dá chéile? Mínigh cén fáth.

An ndéoinneann na trasnáin rinnuillinneacha na cearnóige?

Cé mhéad ais siméadrachta atá sa chearnóg?

An bhfuil lárphointe siméadrachta sa chearnóg? Má tá, cá bhfuil sé?

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Bunsmaoineamh Cheacht 3.18

Tréimhse ranga amháin

Teideal

Dronuilleog (nach cearnóg í) a iniúchadh

Acmhainní

Foireann uirlisí matamaitice

CD an Dalta 

Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Airíonna dronuilleoige (nach cearnóg í)

Gníomhaíochtaí fiúntacha don rang


Gníomhaíochtaí faoi dhronuilleog a d'fheilfeadh do na daltaí

Tarraing dronuilleog ABCD (nach cearnóg í)
 Tarraing an dá thrasnán AC agus BD, agus iad ag trasghearradh ag E
 An bhfuil an dá thrasnán ar comhfhad? (Tomhais iad)
 Marcáil isteach na sleasa cothroma uile agus na huillinneacha cothroma sna triantáin AED agus BEC
 (Abair cén fáth a bhfuil siad cothrom.)
 An bhfeiceann tú an fath gur triantáin iomchuí iad ADE agus BEC? (Mínigh.)
 An triantáin iomchuí iad AEB agus DEC? (Abair cén fáth.)
 An bhfuil 4 thriantán iomchuí sa dronuilleog?
 An bhfuil na trasnáin ingearach dá chéile? Abair cén fáth.
 An ndéoinneann na trasnáin rinnuillinneacha na dronuilleoige?
 Cé mhéad ais siméadrachta atá sa dronuilleog?
 An bhfuil lárphointe siméadrachta sa dronuilleog? Má tá, cá bhfuil sé?

Gníomhaíocht bhreise, b'fhéidir:

Na himscrúduithe thuas a dhéanamh leis an rombas ABCD

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Bunsmoineamh Cheacht 3.19 (Ardleibhéal amháin)

Tréimhse ranga amháin

Teideal

Teoirim 11

Acmhainní

Foireann uirlisí matamaitice

Plean T&F 8: Tús Eolais ar an Triantánacht

CD an Dalta 

Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

An tArdleibhéal amháin



Teoirim 11: Má ghearrann trí líne chomhthreomhara mírlínte chothroma ar thrasnaí éigin, ansin gearrfaidh siad mírlínte cothroma ar thrasnaí ar bith eile freisin.

Suíomhanna gréasáin úsáideacha



www.projectmaths.ie

http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/

<http://www.examinations.ie/>

Bunsmoineamh Cheacht 3.20

Trí thréimhse ranga

Teideal

Teoirim 12 (Ardleibhéal amháin) agus Teoirim 13

Acmhainní

Foireann uirlisí matamaitice

Junior Certificate Guidelines for Teachers (DES 2002, An Oifig Foilseachán Rialtais €3.81).

Nó is féidir é a íoslódáil ó www.projectmaths.ie.

CD an Dalta



Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:



Ardleibhéal amháin



Teoirim 12: Bíodh ABC ina thriantán. Má tá líne l comhthreomhar le BC agus má ghearrann sí [AB] sa chóimheas $m: n$, ansin gearrann sí [AC] sa chóimheas céanna.

Agus a choinbhéarta sin: Má tá líne l ann a ghearrann na sleasa AB agus AC den triantán ABC sa chóimheas céanna, ansin tá l comhthreomhar le BC.

- A bhfuil i gceist le triantáin chomhchosúla, agus an difríocht idir triantáin chomhchosúla agus triantáin iomchuí.


-  **Teoirim 13:** Má tá dhá thriantán comhchosúil, ansin tá a gcuid sleasa i gcomhréir, in ord (Is leor an fhoclaíocht don GL)
-  **Teoirim 13:** Má tá dhá thriantán comhchosúil, ansin tá a gcuid sleasa i gcomhréir, in ord (agus a choinbhéarta).
- Agus a choinbhéarta sin: Má tá sleasa dhá thriantán i gcomhréir, ansin is dhá thriantán chomhchosúla iad.

Gníomhaíochtaí fiúntacha don rang

Féach Ceacht 12 sa Chéimseata in “Junior Certificate Guidelines for Teachers”, leathanach 70. Tugtar deis ansin do na daltaí an difríocht a oibriú amach idir triantáin chomhchosúla agus triantáin iomchuí.

Le fáil ó www.projectmaths.ie

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
--	---

Roinn 4 Ailgéabar

Bunsmaoineamh Cheacht 3.21

Cúig thréimhse ranga

Teideal

Coibhnis san Ailgéabar – súil siar agus forbairt ar ábhar bhliain a dó

Acmhainní

Pleaanna Teagaisc agus Foghlama:

Buneolas ar Phatrúin

Patrúin: Coibhnis san Ailgéabar

Leabhrán Cheardlann 4 (ciúbanna unifix agus fadhbanna bosca airgid)

Bogearra dinimiciúil

CD an Dalta 


Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Mar a fhorbraítear straitéisí ginearálaithe agus smaointe ginearálaithe (straitéisí agus smaointe daoine eile a mheas), réitigh a chur i láthair agus a léirmhíniú, míniú a thabhairt ar na modhanna oibre a roghnaíodh, ar na tátail agus ar an réasúnaíocht sna comhthéacsanna seo a leanas:
 - Táblaí a úsáid chun patrún athfhillteach a léiriú (patrún a tharlaíonn arís is arís eile)
 - Táblaí, léaráidí, graif, focail agus foirmle mar uirlisí chun patrún agus coibhnis líneacha a léiriú agus a anailísiú
 - An ráta athraithe agus an y -idirmhír a phlé. An ceangal atá idir iad agus an comhthéacs óna ndíorthaítear an coibhneas. An chuma a bhíonn orthu i dtábla, i ngraf agus i bhfoirmle agus a bheith in ann iad a aithint.
 - Na sloinn uimhríochta do théarmaí áirithe i seicheamh a scríobh
 - An fhoirmle a fháil atá i bhfolach sna focail óna ndíorthaítear na sonraí
 - **An fhoirmle atá i bhfolach agus óna ndíorthaítear na sonraí a fháil, leis an ailgéabar**
 - Féachaint an bhfuil luach coiteann ag dhá choibhneas líneacha (féach an dtrasghearrann dhá líne, agus faigh an pointe trasghearrtha.)

- Coibhnis san fhoirm $y = mx$ (coibhneas comhréireach) i gcomparáid le coibhnis san fhoirm $y = mx + c$
- Táblaí, léaráidí, graif agus foirmlí mar uirlisí chun patrúin agus coibhnis chearnacha a chur in iúl agus a anailísiú
 - Go mbíonn éagsúlacht ag baint leis an athrú i gcás coibhnis chearnacha, agus gur sainghné de na coibhnis chearnacha an éagsúlacht sin san athrú
 - **An fhoirmle atá i bhfolach agus óna ndíorthaítear na sonraí a fháil, leis an ailgéabar**
- An coincheap d'fheidhm mar choibhneas idir tacar ionchur agus tacar aschur, áit a bhfuil ceangal ag gach ionchur le haon aschur amháin
- Coibhnis – dúbailt agus iolrú faoi thrí, agus gan dul thairis sin

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
--	---

Bunsmaoineamh Cheacht 3.22

Cúig thréimhse ranga

Teideal

Sloinn ailgéabracha a luacháil (luach na slonn ailgéabrach a fháil), agus oibríochtaí le sloinn ailgéabracha – súil siar agus forbairt ar ábhar bhliain a dó

Acmhainní

CD an Dalta 

Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Téarmaí, comhéifeachtaí agus sloinn
- Sloinn ailgéabracha a ghiniúint as comhthéacsanna simplí

- Téarmaí a shuimiú:

$$(ax + by + c) \pm (dx + ey + f)$$

$$(ax^2 + bx + c) \pm (dx^2 + ex + f)$$

$$(ax + by + c) \pm \dots \pm (dx + ey + f)$$

$$(ax^2 + bx + c) \pm \dots \pm (dx^2 + ex + f)$$
 nuair atá $a, b, c, d, e, f \in \mathbb{N}$

- Sloinn a luacháil

$$ax + by$$

$$a(x + y)$$

$$x^2 + bx + c$$

$$\frac{ax + by}{cx + dy}$$

$$cx + dy$$

$$axy$$

nuair atá $a, b, c, d, x, y \in \mathbb{Z}$ (gnáthleibhéal)

$$ax^2 + bx + c$$

$$x^3 + bx^2 + cx + d$$
 nuair atá $a, b, c, d, x, y \in \mathbb{Q}$

agus nuair atá $a, b, c, d, x, y \in \mathbb{Q}$ (ardleibhéal)

- Iolrú téarmaí agus slonn: lúibíní san áireamh, agus dlí an dáilte. É a bhunú ar choincheap ar nós achar

$$a(bx + cy + d) + e(fx + gy + h)$$

$$a(bx + cy + d) + \dots + e(fx + gy + h)$$

$$a(bx^2 + cx + d)$$

$$ax(bx^2 + c)$$
 nuair atá $a, b, c, d, e, f, g, h \in \mathbb{Z}$

$$(x + y)(x + y)$$

$$(x - y)(x - y)$$

$$(ax + b)(cx + d)$$


$$(x + y)(x + y)$$

$$(x - y)(x - y)$$

$$(ax + b)(cx^2 + dx + e)$$
 nuair atá $a, b, c, d, e \in \mathbb{Z}$

- Sloinn a roinnt atá sa fhoirm:
